Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15233/23**

**POLCOM 263**
**COMER 133**
**UD 250**
**COHOM 214**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 694 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN<br>CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>maidir le gníomhaíochtaí agus comhairliúcháin an Ghrúpa Chomhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 694 final.

Faoi iamh: COM(2023) 694 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2023
COM(2023) 694 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**maidir le gníomhaíochtaí agus comhairliúcháin an Ghrúpa Chomhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach**

GA GA

## 1. Réamhrá

Le hAirteagal 31(4) de Rialachán (AE) 2019/125 an 16 Eanáir 2019 ('an Rialachán') maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach[1], ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, scrúduithe agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordaithe in aghaidh na Céastóireachta (ATCG) a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Ní mór nach mbainfidh an tuarascáil an bonn ó na leasanna tráchtála atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha.

Cuirtear faisnéis ar fáil ar ghníomhaíochtaí an ATCG in 2022 sa tuarascáil seo.

## 2. Creat rialála

Is é is cuspóir don Rialachán cosc a chur ar phionós an bháis, ar thaobh amháin, agus ar íde nó ar phionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach, ar an taobh eile, i dtíortha taobh amuigh den AE trí thrádáil ar earraí áirithe a shrianadh. Déantar idirdhealú leis idir:

- earraí atá mí-úsáideach ó nádúr agus nár cheart a thrádáil ar chor ar bith (Iarscríbhinn II); agus
- earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (Iarscríbhinn III) nó le haghaidh phionós an bháis (Iarscríbhinn IV) ach a bhféadfaí úsáidí dlisteanacha a bheith leo, amhail earraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí nó le haghaidh úsáid theiripeach.

Tá trádáil in earraí a liostaítear in Iarscríbhinní II, III agus IV faoi réir srianta áirithe. Leis an Rialachán, déantar a leanas go sonrach:

i. toirmisctear an t-allmhairiú isteach san Aontas Eorpach, an t-onnmhairiú as an Aontas Eorpach agus an t-idirthuras tríd an Aontas Eorpach maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, nach bhfuil úsáid phraiticiúil acu seachas chun críocha phionós an bháis nó chun críoch céastóireachta. Toirmisctear leis soláthar cúnaimh theicniúil ar bith a bhaineann le hearraí dá leithéid, lena n-áirítear oiliúint ar an mbealach le hiad a úsáid. Toirmisctear leis freisin fógraíocht a dhéanamh ar earraí den sórt sin sna meáin chlóite, ar an idirlín, ar an teilifís nó ar an raidió, nó iad a thaispeáint nó a thairiscint lena ndíol ag taispeántas nó ag aonach trádála;

ii. éilítear réamhúdarú leis, ar bhonn cás ar chás, le haghaidh onnmhairí earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, a d'fhéadfaí a úsáid chun críoch céastóireachta, ach a bhféadfadh úsáidí dlisteanacha eile a bheith leo (e.g. le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí). Éilítear réamhúdarú onnmhairiúcháin freisin le haghaidh cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis an gcatagóir earraí seo a sholáthar. Ní áirítear in Iarscríbhinn III:

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 1. Tar éis leasuithe a bheith déanta ar Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 a bhaineann le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 200, 30.7.2005, lch. 1) roinnt uaireanta, rinneadh é a chódú mar Rialachán (AE) 2019/125.

a) airm tine faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 258/2012[2];
b) ítimí dé-úsáide faoi réir Rialachán (AE) 2021/821[3]; nó
c) earraí atá faoi réir théarmaí Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle[4]; agus

iii. rialaítear trádáil in earraí in Iarscríbhinn IV is féidir a úsáid le haghaidh phionós an bháis (e.g. trí instealladh marfach), ach a fhéadfar a úsáid freisin chun críocha dlisteanacha teiripeacha. Tugadh isteach údarú ceadúnais sonrach (an tÚdarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas (GEA)) chun onnmhairiú earraí den sórt sin a rialú agus cosc a chur ar a n-aistriú lena n-úsáid i mbásuithe le hinstealltaí marfacha, gan srian a chur ar a dtrádáil chun críche míochaine, tréidliachta nó chun críche dlisteanacha eile.

## 3. Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe in aghaidh na Céastóireachta

Bunaíodh an ATCG de bhun Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] chun ceisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin a scrúdú.

Tá an ATCG ina ardán do shaineolaithe ó na Ballstáit agus do sheirbhísí an Choimisiúin chun faisnéis ar chleachtais riaracháin a mhalartú agus chun saincheisteanna maidir le léirmhíniú an Rialacháin, saincheisteanna teicniúla maidir leis na hearraí a liostaítear, forbairtí a bhaineann leis an Rialachán agus nithe eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn a phlé. Téann an Coimisiún i gcomhairle leis an ATCG nuair atá gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú aige, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[6].

Tháinig an ATCG le chéile dhá huair in 2022, an 12 Bealtaine agus an 1 Nollaig, go fíorúil, chun faisnéis ar roinnt saincheisteanna (a bhfuil achoimre orthu tugtha thíos) a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin a mhalartú.

### 3.1 Forbairtí maidir leis an mbunghníomh

Níor glacadh gníomhartha tarmligthe ar bith in 2022 lena leasaítear an Rialachán.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 an 14 Márta 2012 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n- armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireacht Eagraithe Thrasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe), agus lena mbunaítear údarú onnmhairiúcháin agus bearta allmhairiúcháin agus gluaiseachta idirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n- armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2021/821 an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

[4] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainmhínítear comhrialacha faoina rialaítear onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

[5] Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle a bhaineann le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 338, 13.12.2016, lch. 1).

[6] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

### 3.2 Faisnéis faoi thrádáil: sonraí a thuairisciú

Chuir an Coimisiún i láthair an staid mar atá maidir leis an tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 26(3) den Rialachán. Go sonrach, cuireadh i láthair sonraí na bliana 2021 ó na húdaráis uile sna Ballstáit agus sa Ríocht Aontaithe chomh maith[7], arbh é sin bunús an Choimisiúin lena thuarascáil bhliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a ullmhú. Anuas air sin, chuir an Coimisiún faisnéis maidir leis na sonraí trádála ar fáil sa tuarascáil sin nuair a glacadh í[8].

Sa chomhthéacs seo, tharraing an Coimisiún aird an ATCG ar an gcaoi go bhfuil sé riachtanach d'údaráis inniúla fógra a thabhairt nuair a eisítear diúltuithe tríd an gCóras Dé-úsáide Leictreonach (DUeS).

### 3.3 Grúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe an Choimisiúin

Lean an Coimisiún de bheith ag cur an ATCG ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí an ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe a bunaíodh de réir chonclúidí a thuarascála athbhreithnithe[9]. Leis an ngrúpa neamhfhoirmiúil, tugtar le chéile dearcthaí éagsúla (e.g. abhcóideacht, forfheidhmiú an dlí, taighde, agus custaim). Tá feidhm chomhairleach, agus feidhm chomhairleach amháin, ag an ngrúpa agus cuireann an fheidhm sin le feidhm an ATCG.

I rith 2022, cuireadh an ATCG ar an eolas faoin bplé a rinneadh laistigh den ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe a bhain le próiseas na Náisiún Aontaithe (NA) i dtreo 'Trádáil gan Chéastóireacht' (féach pointe 3.4 thíos). Go háirithe, chuir an Coimisiún an ATCG ar an eolas faoi na haighneachtaí i gcomhthéacs Ghrúpa Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe (UN GGE) agus faoi chaighdeáin idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann sa réimse sin. Seo a leanas roinnt de na príomhghnéithe a mheas an grúpa neamhfhoirmiúil: breithniú a dhéanamh ar thrádáil earraí atá deartha le haghaidh phionós an bháis laistigh den phróiseas foriomlán, samplaí de Chonarthaí agus/nó de Chreat-Choinbhinsiúin a bhféadfaí roinnt comhthreomhaireachtaí a bhunú ina leith, an gá atá le méid áirithe solúbthachta a fhorbairt chun comhthoil níos leithne a áirithiú maidir le bunphrionsabail/riachtanais, tosaíocht a thabhairt do bhealaí lena mbaineann oibleagáidí ceangailteacha ó thaobh an dlí chomh maith leis an ngá atá le tuilleadh rannpháirtíochta le grúpa leathan tíortha.

### 3.4 Trádáil gan chéastóireacht - forbairtí réigiúnacha agus idirnáisiúnta

Bhí feidhm ag an ATCG ina ardán chun faisnéis a mhalartú agus feasacht a mhúscailt maidir le forbairtí réigiúnacha agus idirnáisiúnta i réimse na trádála gan chéastóireacht.

Thug an Coimisiún toscairí an ATCG cothrom le dáta maidir le tíolacadh thuarascáil chríochnaitheach Ghrúpa Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe[10] a glacadh an 30 Bealtaine 2022. I dTuarascáil GGE na Náisiún Aontaithe, tugadh aghaidh ar na hábhair seo a leanas: (i) féidearthacht comhchaighdeán idirnáisiúnta; (ii) raon feidhme na n- earraí atá le

[7]Áirítear Rialachán (AE) 2019/125 in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Tuaisceart Éireann (Pointe 47 Eile), IO L 29, 31.1.2020.

[8] COM (2022) 567 final, 31.10.2022.

[9] COM (2020) 343 final, 30.7.2020.

[10] Cheap an tArd-Rúnaí saineolaithe rialtais ó na 10 Stát seo a leanas i mí Iúil 2021: Camarún, an Cósta Eabhair, an Chipir, an Danmhairg, Eacuadór, an Eastóin, an Ghearmáin, Cónaidhm na Rúise, Singeapór agus Uragua.

breithniú; agus (iii) dréacht-pharaiméadair le haghaidh réimse roghanna chun comhchaighdeáin idirnáisiúnta ar an ábhar a bhunú.

Rinne GGE na Náisiún Aontaithe tograí nithiúla maidir leis na catagóirí earraí a d'fhéadfaí a chumhdach agus maidir leis na foirmeacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le caighdeáin idirnáisiúnta. Go bunúsach, sa tuarascáil pléadh an fhéidearthacht caighdeáin a fhorbairt i ndáil le ceithre chatagóir earraí, is é sin na catagóirí seo a leanas:

i. earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil eile acu seachas le haghaidh céastóireachta agus íde,
ii. earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta agus íde,
iii. earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil eile acu seachas le haghaidh phionós an bháis agus
iv. earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis.

Agus aitheantas á thabhairt don easpa comhthola i measc saineolaithe rialtais na Náisiún Aontaithe a mhéid a bhaineann le hearraí a úsáidtear le haghaidh phionós an bháis, moltar sa tuarascáil go gcaithfí leo ar leithligh trí shásra 'rogha a bheith páirteach'. Thairis sin, déantar argóint láidir sa tuarascáil chun go ndéanfaidh Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe meitheal a bhunú chun caighdeáin idirnáisiúnta maidir le trádáil gan chéastóireacht a ullmhú.

Fuair an ATCG cur i láthair freisin ó shaineolaithe ar tugadh cuireadh dóibh ó Amnesty International agus ó Fhondúireacht Taighde Omega chun a gcuid oibre taighde agus abhcóideachta a chur i láthair chun tacú leis an gConradh Trádála gan Chéastóireacht a bhunú i gcomhthéacs fheachtas na sochaí shibhialta '*Cosain an agóid'*. Áirítear leis sin iarrachtaí for-rochtana chun dul i dteagmháil le Stáit chun rialuithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus chun tacú le próiseas NA, próiseas atá á thacú ag líonra d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Rinne na saineolaithe ar tugadh cuireadh dóibh na nithe seo a leanas a chur i láthair: (1) na treochtaí a chonacthas le blianta beaga anuas maidir le céastóireacht agus íde seachchoimeáda, i gcomhthéacs an chos ar bolg a rinneadh ar agóidí síochánta, mar aon le reachtaíocht shriantach, coinneáil threallach, coiriúlú agóidí, ollfhaireachas spriocdhírithe neamhdhleathach agus úsáid neamhdhleathach trealamh nach bhfuil chomh marfach céanna agus trádáil sa trealamh sin, agus (2) a dtuairimí maidir leis na gnéithe bunriachtanacha aon Chonradh Trádála gan Chéastóireacht chun cuidiú le céastóireacht agus íde eile a chosc trí chaighdeáin láidre idirnáisiúnta a leagan síos.

### 3.5 Cúrsaí eile

Thairis sin, cuireadh an ATCG ar an eolas maidir leis na hábhair seo a leanas:

- Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin

I bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus gur mhéadaigh an Rúis an chos ar bolg inmheánach atá á dhéanamh ar fhreasúróirí i leith an chogaidh, thug an ATCG dá aire go raibh gá le rabhadh breise a mhéid a bhaineann le húdarú a thabhairt d'iarrataí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar earraí a liostaítear sa Rialachán a onnmhairiú chuig an Rúis nó chuig an mBealarúis, go háirithe earraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí agus/nó le haghaidh rialú círéibe. I ndáil leis sin, cuireadh in iúl don ATCG gur leathnaíodh le liosta na n-ítimí

srianta a d’fhéadfadh cur le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála. Áirítear ar an liosta comhpháirteanna leictreonacha, ceimiceáin bhreise agus earraí is féidir a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

- An Iaráin

Agus an Coimisiún ag tabhairt dá aire an méadú scanrúil ar mharaithe neamhdhleathacha agus ar sháruithe eile ar chearta an duine (ó tharla gur briseadh agóidí amach i lár mhí Mheán Fómhair 2022, le tuairiscí inchreidte maidir le himscaradh neamhdhleathach fórsa marfach, ach freisin go ndeachthas i muinín phionós an bháis mar uirlis imeaglaithe agus cos ar bolg pholaitiúil) san Iaráin, chuir sé i dtábhacht an gá atá le rabhadh breise maidir le hiarrataí a d’fhéadfaí a dhéanamh ar earraí a liostaítear sa Rialachán a onnmhairiú go dtí an Iaráin, go háirithe earraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí agus/nó le rialú círéibe.